


Gníomhaíocht 2

Scéalta Mothúchán

Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta



Mapaí Dul Chun Cinn

Cumarsáid a Dhéanamh Mar is Cuí
Fiosracht, Fiosrú agus Ceistiú
Naisc a Dhéanamh

Scil Traschuraclaim

Cumarsáid

Réimsí Foghlama

Bunscoil

Forbairt Phearsanta agus
Comhthuiscint

Iar-bhunscoil

Foghlaim don tSaol agus don Obair:
Forbairt Phearsanta

Toradh Foghlama

Aithneoidh na foghlaimeoirí an dóigh a
mothaíonn carachtar.

Áiseanna atá de Dhíth

Áis 3: Cártaí Mothúchán

Sleachta as scéalta

Eagrú an Ranga

Gníomhaíocht ranga
Gníomhaíocht ghrúpa
Gníomhaíocht bheirte
Gníomhaíocht aonair

Cur Síos

Bíodh taithí ag na foghlaimeoirí ar mhothúcháin a phlé agus bíodh siad ábalta mothúcháin éagsúla a ainmniú mar is cuí. Éistfidh siad le sliocht as scéal agus socróidh siad ar cén dóigh a mothaíonn an carachtar ag am ar leith.

An Ghníomhaíocht

- Taispeáin na cártaí in Áis 3 do na foghlaimeoirí agus iarr orthu na mothúcháin a ainmniú le dul siar ar a bhfuil ar eolas acu faoi mhothúcháin.
- Léigh scéal nó sliocht as scéal, ansin cuir ceisteanna faoi. Tosaigh amach le ceisteanna fíorasacha agus ansin cuir ceisteanna níos oscailte.
- Ansin, díriú ar an dóigh a mothaíonn an carachtar ag pointe ar leith sa scéal, dar leis na foghlaimeoirí. Léigh cuid den scéal arís agus iarr ar na foghlaimeoirí an cárta mothúcháin cuí a chur suas agus an mothúchán is fearr a chuireann síos ar an dóigh a bhfuil an carachtar ag mothú a ainmniú.



Smaointe don Dífreáil

An Leibhéal Deacrachta a Íslíú



- Amharcaigí ar fhíseán le chéile in ionad a bheith ag éisteacht le scéal.
- Díriú ar réimse beag mothúchán.
- Úsáid cártaí mothúchán ar a bhfuil focail agus pictiúir araon.



An Leibhéal Deacrachta a Ardú

- Bíodh carachtair sa scéal a bhfuil na mothúcháin s'acu níos deacra a léamh, mar shampla éad agus mórtas.
- Fiafraigh de na foghlaimeoirí cad chuige, dar leo, a mothaíonn carachtar mar sin.
- Abair leis na foghlaimeoirí iad féin a chur in áit an charachtair agus a mhíniú cad é mar a mothaíonn siad agus cad chuige.
- Iarr ar na foghlaimeoirí labhairt faoi am ar mhothaigh siad féin mar a mothaíonn an carachtar agus an mothúchán a mhíniú.







Áis 3: Cártáí Mothúchán





Áis 3: Cártaí Mothúchán





Áis 3: Cártaí Mothúchán

